BreastCheck

Ár gclár náisiúnta scagthástála cíoch do mhná idir 50 agus 69 bliain d'aois.

Ár misean

Feabhas a chur ar na torthaí sláinte do mhná a bhfuil ailse cíche orthu agus líon na mban a fhaigheann bás de bharr ailse cíche a laghdú.

Ár bhfís

Tá sé mar aidhm againn seirbhísí scagthástála ardchaighdeáin a sholáthar chun ailse cíche a aimsiú agus a chóireáil ag an gcéim is luaithe agus is féidir, chun feabhas a chur ar chaighdeán beatha na mban a dhiagnóisítear go bhfuil ailse cíche orthu.

Ár luachanna

Cúram

Oibrímid i gcomhpháirtíocht le rannpháirtithe scagthástála, leis an bhfoireann agus leis an bpobal i gcoitinne chun seirbhís a sholáthar atá bunaithe ar cháilíocht, ar chothromas agus ar mheas.

Comhbhá

Tacaímid lena chéile, trí chineáltas agus tuiscint a léiriú, fiú nuair a bhíonn cinntí agus cásanna deacra os ár gcomhair.

Muinín

Cothaímid caidreamh bunaithe ar oscailteacht, macántacht agus cuntasacht chun cultúr a chothú ina mothaíonn daoine go bhfuil siad sábháilte agus go bhfuil muinín ag daoine as a chéile.

Foghlaim

Cuirimid chun cinn cultúr comhpháirtíochta, machnaimh agus feabhsaithe leanúnaigh maidir le soláthar seirbhíse bunaithe ar nuálaíocht agus ar shármhaitheas.

Ár seirbhísí

- Soláthraímid scagthástáil agus cóireáil saor in aisce.
- Bíonn meas againn ar do dhínit agus ar do phríobháideacht le linn na scagthástála agus na cóireála.
- Soláthraímid eolas agus tacaíocht chun cuidiú leat cinntí eolasacha a dhéanamh bunaithe ar do roghanna.
- Déanaimid athbhreithniú ar ár bhfeidhmíocht chun caighdeáin chliniciúla idirnáisiúnta a chomhlíonadh.
- Is mór againn ár bhfoireann ardcháilithe oilte agus soláthraímid deiseanna leanúnacha oiliúna agus forbartha chun an cúram is fearr agus is féidir a thabhairt.
- Cuirimid obair foirne chun cinn agus oibrímid freisin i gcomhpháirtíocht le soláthraithe cúraim sláinte eile.



BC/QP 70 Rev0

BreastCheck
An Clár Náisiúnta Scagthástála Cioch
The National Breast Screening Programme